Derry City & Strabane
District Council
Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## Fáilte go dtí an Chéad Eagrán de Nuachtlitir Ghaeilge na Comhairle

AIBREÁN 2022



www.derrystrabane.com

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

# Fáilte

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin. Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge ar fud fad an cheantair Chomhairle.**

**San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar na himeachtaí iontacha a tharla i rith Seachtain na Gaeilge 2022 agus an t-eolas a fuarthas ón suirbhé custaiméirí 2021. Amharcfaidh muid ar na deiseanna atá ar fáil do phobal na Gaeilge agus déanfaidh muid ceiliúradh ar na rudaí iontacha atá idir lámha ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle chomh maith.**

## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com
**Guthán:** 028 71 376579 (Líne Ghaeilge)
**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge
**Twitter:** twitter.com/foramphobal

www.**derrystrabane**.com








## Seirbhísí Gaeilge na Comhairle

Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge. Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh ar do shráidainm a fháil aistrithe go Gaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com
Chomh maith le sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.
Is féidir teacht ar liosta iomlán de na seirbhísí ag: www.derrystrabane.com/gaeilge

## Torthaí an tSuirbhé Custaiméirí 2021

**Tá muid, mar Chomhairle, tiomanta i dtreo ardchaighdeán Seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil don phobal agus tá muid i gcónaí ag iarraidh iad a fhorbairt agus a fheabhsú, más gá.**

**Mar chuid den fhorbairt seo, cuireann muid suirbhé custaiméirí amach gach bliain chuig pobal na Gaeilge lena dtuairimí ar an seirbhís a bhailiú.**

Bailíodh na torthaí don suirbhé is déanaí ag deireadh mí Márta agus fuarthas aiseolas dearfach ó na torthaí sin, mar aon le haiseolas fíorfhiúntach gur féidir linn a úsáid le feabhas a chur ar na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair. Cuideoidh an t-aiseolas seo a fuaireadh go mór le forbairt agus dul chun cinn na seirbhísí Gaeilge.

Mar chuid den aiseolas a bhailíodh ó na torthaí, dúirt 94% de na daoine a d'úsáid na seirbhísí Gaeilge roimhe go raibh siad iontach sásta nó sásta leis an seirbhís.
Dúirt 96% de na daoine a cheistíodh go mbainfeadh siad úsáid as na seirbhísí arís agus dúirt 96% de na daoine sin a cheistíodh go molfadh siad na seirbhísí le daoine eile.

Gabhann muid buíochas as gach duine a ghlac an t-am leis an suirbhé a chomhlánú agus fáiltíonn muid roimh aiseolas ar bith ó phobal na Gaeilge i dtaca lenár seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt in am ar bith.

# Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge 2022

## Lúcháir Leabhar

**Chuir Méara Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, Graham Warke, fáilte roimh ionadaithe ó Ghaelscoileanna áitiúla chuig Halla na Cathrach agus bhronn sé beart leabhar orthu ar na mallaibh, Dé Céadaoin, 23ú Márta. Thóg an teacht le chéile seo ar imeachtaí Lá Domhanda na Leabhar (3ú Márta) agus ar imeachtaí Sheachtain na Gaeilge na Comhairle, a raibh Ceardlann Scéalaíochta agus Scríbhneoireachta leis an údar aitheanta Réaltán Ní Leannáin mar chuid de.**




Bhain daltaí agus foirne na nGaelscoileanna sult as cuairt a thabhairt ar Pharlús an Mhéara, áit ar bhronn sé bearta leabhar Gaeilge ar na daltaí le tabhairt ar ais chuig gach scoil. Tacóidh na leabhair seo le leabharlanna na scoileanna agus táthar ag súil leis go spreagfaidh siad an léitheoireacht i measc na ndaoine óga i rith na bliana ar fad.

# Imeachtaí atá le teacht

## Deich mBliana na dTeangacha Dúchasacha 2022-2032

**Tá UNESCO ag déanamh ceiliúradh ar Deich mBliana na dTeangacha Dúchasacha ó 2022-2032. Ghlac Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin páirt i mBliain na dTeangacha Dúchasacha i 2019 agus ba mhaith linn a bheith páirteach arís ó 2022-2032.**

Is teanga dúchásach í an Ghaeilge, mar sin tá sé fíorthábhachtach don Chomhairle agus do phobal na Gaeilge go bhfuil muid páirteach sa cheiliúradh deich mbliana seo, le haird a dhíriú ar na dúshláin roimh theangacha dúchasacha ar fud an domhain agus le foghlaim ó dheachleachtas domhanda.

Beidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin cláraithe leis an phobal domhanda ar-líne agus spreagann muid páirtithe i bpobal na Gaeilge amhlaidh a dhéanamh.  Bígí linn!

**Tuilleadh eolais ar fáil: https://en.unesco.org/idil2022-2032**
**#IDIL2022-2032 #WeAreIndigenous #Indigenouslanguages**

# Léacht:
# Flann O'Brien: A Mhuintir, An Ghaeilge agus Béal Feirste

**Tá lúcháir ar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin fáilte a chur roimh an tOllamh Brian Ó Conchubhair atá ag cur léacht ar fáil ar líne (Zoom) ar an Déardaoin 5ú Bealtaine 2022 ar 7pm bunaithe ar Flann O'Brien.**

**Tabharfaidh an chaint seo, a eascraíonn as buntaighde cartlainne, léargas nua ar thionchar na cathrach ar chlann Flann O'Brien/Myles na gCopaleen, údar An Béal Bocht, At Swim-Two-Birds agus The Third Policeman, úrscéalta a airítear i measc mór-úrscéalta idirnáisiúnta an Bhéarla.**

Pléifear an ról a bhí ag a athair, a uncail agus a aintíní i ngluaiseacht na Gaeilge, i gConradh na Gaeilge, i gcúrsaí drámaíochta agus i dteagasc na Gaeilge sa chathair le linn na hAthbheochana Gaeilge. Tugann stair na clainne eisceachtúla seo léargas faoi leith ar ghluaiseacht na Gaeilge le linn na hathbheochana i mBéal Feirste.



Más mian leat clárú don léacht seo, ní mór ríomhphost a sheoladh chuig:

**gaeilge@derrystrabane.com**
**#Gaeilge #AnSrathBán #BéalFeirste**





# Imeachtaí atá le teacht

**Féile Mhuirí an Fheabhail 2022: 20 Iúil – 24 Iúil 2022**
**Oíche Chultúir: 23 Meán Fómhair 2022**



# Deiseanna do phobal na Gaeilge

## Sona Sásta/Happy Days

**Tá suíomh gréasáin úr seolta leis an phobal a chur ar an eolas faoi na himeachtaí ar fad atá ag tarlú fud fad an Iarthuaiscirt.**

Bunaíodh an togra Sona Sásta trí Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair le chéile, chomh maith le tacaíocht ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.

Cuireadh tús le Sona Sásta le gach rud atá ag tarlú sa cheantar áitiúil a chur in aon áit amháin, le spás a chruthú ar féidir le teaghlaigh léirmheasanna iontafa a roinnt ann, agus le teaghlaigh a spreagadh chun:

- **Suim níos mó a chur sa chultúr áitiúil**
- **Triail a bhaint as rudaí nua**
- **Aithne a chur ar phobail eile**
- **A gcuid taithí féin a roinnt ar na meáin shóisialta chun daoine eile a spreagadh bheith páirteach**

Ba mhaith linn grúpaí agus eagraíochtaí Gaeilge i nDoire, Dún na nGall agus Tír Eoghain a spreagadh chun an leagan Gaeilge den lógó a úsáid (Sona Sásta), agus bheith ag scríobh agus ag roinnt eolais as Gaeilge faoi imeachtaí ar an suíomh.

**Má bhíonn tú ag eagrú imeachta amach anseo, thig leat é a chur chun cinn ar an suíomh, áit a mbeidh na sonraí ar fáil do chách. https://happydaysnw.com/**








Image by Sergiu Valena @ Unsplash

# An Ghaeilge san Iarthuaisceart: Togra trasteorann i dtaca leis an Ghaeilge

**Tá Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair i gcomhpháirt le taighde a dhéanamh ar an Ghaeilge san Iarthuaisceart.**

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo anailís a dhéanamh ar chumas na Gaeilge cur le leas sóisialta, cultúrtha, oideachasúil, eacnamúil agus timpeallachta an Iarthuaiscirt. Chuige sin tá comhlacht taighde darb ainm Cinnteacht ceaptha ag an dá Chomhairle le tuairisc a chur i dtoll a chéile a chuirfidh moltaí ar fáil maidir le bearta chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn do na glúnta atá le teacht agus chun tacú le forbairt straitéiseach na teanga ar bhonn trasteorann. Ina theannta sin, cuirfear tuairimí phobal na Gaeilge san áireamh sa tuairisc le cinntiú go bhfuil machnamh déanta ar riachtanais agus mhianta an phobail.

Faoi dheireadh, cuideoidh an taighde seo le tuiscint níos nuashonraithe agus níos fearr a thabhairt dúinn maidir le seasamh réigiúnach na Gaeilge ar fud limistéir éagsúla thíreolaíocha agus earnálacha éagsúla, ó thaobh úsáid na teanga mar mhodh cumarsáide agus mar acmhainn chun cur leis an saol an phobail san Iarthuaisceart. Tá sé beartaithe go gcríochnófar an togra roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2022 agus foilseofar na torthaí go luath ina dhiaidh sin.

Tá an togra seo arna mhaoiniú ag Oifig an Fheidhmeannais agus Rialtas na hÉireann

**Tuilleadh eolais: gaeilge@derrystrabane.com**

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Strábane Destrick Council

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council





# Gnó le Gaeilge

**An gnó le Gaeilge sibh? Nó an mbíonn tú ag obair le daoine eile a bhfuil Gaeilge acu?**

Tá neart deiseanna ann do ghnó a mhéadú le #Gaeilge agus níos mó Gaeilgeoirí a mhealladh, bíodh sibh mar Chaifé, siopa éadaí, comhlacht mór, siopa ar líne nó gnó ar bith eile.

Má tá Gaeilgeoir ag obair leat, thig le do ghnó #Gaeilge a úsáid:

- le custaiméirí
- ar chomharthaí
- ar na meáin shóisialta

Tá go leor bealaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn, cuir i gcás, teachtaireachtaí a phostáil ar na meáin shóisialta as Gaeilge nó go dátheangach, nó grianghraf a uaslódáil ar na meáin shóisialta ina bhfuil na Gaeilgeoirí a bhíonn ag obair leat le feiceáil, ag tabhairt le fios don phobal gur féidir leo seirbhís as Gaeilge a fháil nuair atá na daoine sin ag obair.

B'fhéidir gur mhaith libh go díreach cúpla focal a úsáid, nó seans go bhfuil sibh réidh aitheantas náisiúnta a bhaint amach mar ghnó le Gaeilge.




Bainistíonn Foras na Gaeilge an Scéim Q-Mharc (www.qmharc.ie), a aithníonn an Dátheangachas den Scoth sa Ghnó.

Sheol Glór na nGael scéim úr ar na mallaibh, Gradaim Gnó na hÉireann (www.gradaim.ie agus www.glornangael.ie/gno/), a bhronnfaidh duaiseanna (Cré-Umha, Airgead, Ór) ar ghnónna mar gheall ar an Ghaeilge a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas: 1. Comharthaíocht, 2. Ábhair Mhargaíochta agus Brandáil, 3. Seirbhís Labhartha Ghaeilge don Chustaiméir. Eagraítear an dá scéim seo ar fud na hÉireann agus tabharfaidh siad beirt poiblíocht náisiúnta do ghnónna a chuireann an Ghaeilge chun cinn.

Ar a bharr seo, eagraíonn Foras na Gaeilge Scéim Tacaíochta Gnó ina mbíonn gnónna ábalta cur isteach ar suas go dtí 50% do na costais a bhaineann le suíomhanna idirlín nua, comharthaíocht, pacáistíocht srl. agus iad dátheangach (https://www.forasnagaeilge.ie/funding-schemes/sceim-tacaiochta-gno-2022/).
Seoladh an scéim seo arís ar na mallaibh agus beidh sí ar oscailt go dtí mí Dheireadh Fómhair 2022.

**Tuilleadh eolais faoi na deiseanna atá roimh do ghnó féin ar fáil ón Oifigeach Gaeilge ar: gaeilge@derrystrabane.com**

## Fóram Phobal na Gaeilge

**Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna chomhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.**

**Más mian leat clárú nó má tá ceist agat faoin dóigh a n-eagraítear cruinnithe déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ag: gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376579**







## I mBéal an Phobail

**Más maith leat ábhar scéil a mholadh don chéad nuachtlitir eile, nó má tá scéal agat féin a ba mhaith leat a fhógairt bíodh fáilte romhat an t-eolas a chur chuig gaeilge@derrystrabane.com nó déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ar an Líne Ghaeilge T: 028 71 376 579.**

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## Fáilte go dtí an Chéad Eagrán de Nuachtlitir Ghaeilge na Comhairle

AIBREÁN 2022

Derry City & Strabane
District Council

Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin

Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

**Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha.**

**Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:**
**guthán: 028 71 253253**
**nó**
**ríomhphost: equality@derrystrabane.com**

www.**derrystrabane**.com